

Rang 5 & Rang 6
Eolaíocht

An Córas Riospráide

Bhí ceacht eolaíochta an lae inniu leis an Múinteoir Clíona faoin gcóras riospráide. Is é an córas riospráide ná an grúpa fíochán agus orgáin a oibríonn le chéile chun gur féidir linn análú.

01 Ainmnigh an chuid den chóras riospráide atá marcáilte 1 agus 2 sa léaráid seo.

01 _____

_____

02 _____

_____



An Córas Riospráide

02 Líon isteach na bearnaí leis an ngás ceart.

i) Análaíonn muid isteach _____

ii) Análaíonn muid amach _____

03 Cén léaráid é ionanálú agus cén ceann é easanálú?

01 _____

_____

02 _____

_____



Scamhóg shimplí

Ag teastáil uait: buidéal plaisteach trédhearcach, dhá bhalún, siosúr, téip

Modh:

01 Bí an-cúramach ag gearradh an bun den bhuidéal. Faigh cabhair ó thuismitheoir don chuid seo, is féidir leis a bheith sách casta.

02 Brúigh balún amháin isteach sa scroig buidéil agus fill béal an bhalúin thart ar bhéal an bhuidéal. Seo do scamhóg.

03 Faigh an dara balún agus gearr ón muineál.

04 Sín an balún thart ar an oscailt sa chuid ar bun den bhuidéal. Fáisc é le rúinne téip. Seo do scairt.

05 Le do mhúnla scamhóga a chur ag análú tosnaigh ag tarraingt síos go réidh ar an scairt sa lár. Céard a tharlaíonn don bhalún taobh istigh den bhuideál? Agus an scairt ag gluaiseacht síos ba chóir go líonfadh do scamhóga le haer. Seo a tharlaíonn nuair a n-ionanálaíonn muid.

06 Anois scaoil leis an scairt agus brúigh suas isteach sa mbuideál é go réidh. Céard a tharlaíonn anois don bhalún? Imíonn an t-aer ó na scamhóga de réir mar a ghluaiseann an scairt suas. Seo a tharlaíonn nuair a n-easanálaíonn muid.



Féach cén duine sa teach a bhfuil an toilleadh na scamhóga is mó acu. Tá daoine ag a bhfuil toilleadh na scamhóga mór acu ábalta ocsaigín a scaipeadh níos tapúla timpeall a gcorp. Is féidir leat an toilleadh na scamhóga atá agat a mhéadú trí aclaiocht rialta a dhéanamh.

Fíricí Fónta Scamhóga

- Análaíonn an gnáth-dhuine os cionn 9,000 lítear aer gach lá.

- Is iad na scamhóga an t-aon orgán sa chorp atá abálta bheith ar barr uisce. Tá thart ar 300 milliún struchtúir balúnacha i ngach scamhóg ar a dtugtar na hailbheolais, a mhalartaíonn an dé-ocsaíd charbóin i do chuid fola le hocsaigín. Nuair atá na struchtúir seo líonta le haer, is iad na scamhóga an t-aon orgán sa cholainn daonna atá ábalta bheith ar barr uisce.



- Cén chosúlacht atá idir scamhóga agus cúirt leadóige? An méid atá acu! Is fíor sin. Dá n-ósclófaí na scamhóga amach ar dhromchla, bheadh siad chomh mór sin go gclúdódh siad an méid atá i gcúirt leadóige.

- Análaíonn muid amach cupán uisce gach lá.

- Níl an méid céanna sa dhá scamhóg. Tá an scamhóg chlé beagán níos lú, mar gheall go bhfuil spás ag teastáil ó do chroí atá ar thaobh na láimhe chlé freisin.

- Is é an churiarracht dhomhanda atá ag duine ag coinneáil a n-anáil istigh ná 24nóiméad agus 3 soicind. (ná déan é seo sa bhaile!)

- Análaíonn capaill tríd an srón amháin agus ní tríd a mbéal.

Freagraí:) 1=scamhóga 2 = scairt 2) i) Ocsaigín ii) Dé-ocsaíd Charbóin 3) 1=Ionanálaigh 2=Easanálaigh